CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2020/1651

an 6 Samhain 2020

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2013/255/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siria

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle an 31 Bealtaine 2013 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siria ([1]) agus go háirithe Airteagal 30(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Bealtaine 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/255/CBES.

(2) I bhfianaise thromchúis na staide sa tSiria, agus aird againn ar na hairí rialtais a ceapadh le déanaí, ba cheart ochtar a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán 2013/255/CBES.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2013/255/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Samhain 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

([1]) IO L 147, 1.6.2013, lch. 14.

IARSCRÍBHINN

Cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis an liosta a leagtar amach i Roinn A ("Daoine") d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"303.	Bassam TOU'MA (dá ngairtear freisin TU'MA) (بسام طعمة)	Dáta breithe: 1969 Áit bhreithe: Safita, Syria Inscne: Fireann	Aire Ola agus Acmhainní Mianra. I mí Lúnasa 2020 a ceapadh. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	6.11.2020
304.	Hassan GHABACHE (dá ngairtear freisin GHOBASH, AL-GHABBASH) (حسن غباشة)	Dáta breithe: 1971 Áit bhreithe: Damascus, Syria Inscne: Fireann	Aire Sláinte. I mí Lúnasa 2020 a ceapadh. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	6.11.2020
305.	Ziyad SABBAGH (زياد صباغ)	Dáta breithe: 1960 Áit bhreithe: Aleppo, Syria Inscne: Fireann	Aire Tionscail. I mí Lúnasa 2020 a ceapadh. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	6.11.2020
306.	Mohammed Hassan QATANA (حسن قطانة)	Áit bhreithe: Damascus, Syria Inscne: Fireann	Aire Talmhaíochta agus um Athriar Talúntais. I mí Lúnasa 2020 a ceapadh. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	6.11.2020
307.	Ghassan Zamel (dá ngairtear freisin Al-Zamil) (غسان زامل)	Dáta breithe: 1963 Áit bhreithe: Damascus, Syria Inscne: Fireann	Aire Leictreachais. I mí Lúnasa 2020 a ceapadh. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	6.11.2020
308.	Mohamad (dá ngairtear freisin Mohammad) Fayez BARCHA (dá ngairtear freisin al-BARSHA, AL-BARSHA) (محمد فايز برشة)	Dáta breithe: 1955 Áit bhreithe: Damascus, Syria Inscne: Fireann	Aire Stáit. I mí Lúnasa 2020 a ceapadh. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	6.11.2020
309.	Malloul (dá ngairtear freisin Maloul) HUSSEIN (dá ngairtear freisin AL-HUSSEIN) (ملول حسين)	Dáta breithe: 1950; Áit bhreithe: Al-Hasakah Governorate, Syria; Inscne: Fireann	Aire Stáit. I mí Lúnasa 2020 a ceapadh. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	6.11.2020
310.	Mohammad Samir HADDAD (محمد سمير حداد)	Dáta breithe: 1956 Áit bhreithe: Tartous, Syria Inscne: Fireann	Aire Stáit. I mí Lúnasa 2020 a ceapadh. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta."	6.11.2020